# Cód Cleachtais

Mí Feabhra 2024

Leagan 7

# Clár Ábhar


**Brollach** ..... 3

An Cód Cleachtais ..... 3
Beartais Chomhbhainteacha ..... 3
Conarthaí agus Gníomhairí ..... 3
Rialachas agus Rialú na Seirbhísí Eircode ..... 4

**1 Réamhrá** ..... 5

**2 Forbhreathnú Eircode** ..... 6

2.1 Seoltaí in Éirinn ..... 6
2.2 Struchtúr Eircode ..... 7
2.3 Eircode a Shannadh ..... 7
2.4 Tionchar ar Sheoltaí Poist atá ann cheana ..... 9
2.5 An tAimsitheoir Eircode ..... 9
2.6 Ní éigeantach é Eircode a úsáid ..... 9
2.7 Comhlachtaí na hEarnála Poiblí ..... 11

**3 Seirbhís Eircode** ..... 12

3.1 An chaoi a n-oibríonn Eircode ..... 12
3.2 Cén chaoi Eircode a úsáid? ..... 13
3.3 An Eircode a shuíomh ar mhíreanna poist ..... 13
3.4 Eircode a úsáid ar líne nó i bhfoirm ..... 14
3.5 Cén chaoi Eircode a aimsiú? ..... 14
3.6 Eircode a Shannadh ..... 15
3.7 Eircode a fháil ..... 17
3.8 Cén chaoi a mbainisteofar Seoltaí Poist? ..... 17
3.9 Athruithe Eircode a Bhainistiú ..... 17

**4 Caighdeáin Seirbhíse** ..... 21

4.1 Caighdeáin Seirbhíse ..... 21
4.2 Tiomantas an Chonraitheora ..... 21

**5 Beartas Cosanta Sonraí** ..... 22

5.1 Rúndacht agus Príobháideachas ..... 22
5.2 Slándáil Sonraí ..... 24
5.3 Sonraí a Fháil agus a Phróiseáil ..... 25
5.4 Seirbhísí Dlisteanacha Eircode ..... 29
5.5 Fógra Príobháideachais ar Shuíomhanna Gréasáin ..... 30
5.6 Beartais Coinneála agus Scriosta ..... 30
5.7 Beartas Príobháideachais ..... 31

**6 Próiseas Gearán** ........ 32

6.1 Cineál na ngearán ........ 32

6.2 Cén chaoi gearán a dhéanamh? ........ 33

6.3 Cén chaoi a ndéanfaidh an Conraitheoir do ghearáin a bhainistiú agus a fhreagairt ........ 33

6.4 Tuarascáil um Bainistiú Gearán ........ 33

6.5 Faisnéis faoi Ghearáin a Choinneáil ........ 35

6.6 Gearáin faoi Mhargaíocht Dhíreach ........ 35

**7 Teagmhálaithe Úsáideacha** ........ 36

**8 Iarscríbhinn A - Beartas um Úsáid Inghlactha** ........ 38

1.1 Úsáid Ghinearálta an tSuímh Gréasáin, EIRCODE® agus Bhunachar Sonraí EIRCODE® ........ 39

# Brollach

## An Cód Cleachtais

Sa Chód Cleachtais seo, leagtar amach an chaoi a gcuirtear an Córas Náisiúnta Cód Poist, ar a dtugtar 'Eircode', ar fáil do phobal na hÉireann. Leagtar amach ann an chaoi a ndéanann an córas, agus a ghníomhairí é sin de réir an dlí, agus sainaithnítear ann do chearta agus do theidlíochtaí dlíthiúla maidir le Eircode. Leagtar amach sa cháipéis seo freisin an chaoi ar cruthaíodh an Cód. Tá súil againn go bhfreagrófar do chuid ceisteanna inti agus go mbeidh sí úsáideach duit.

Tugadh an Córas Náisiúnta Cód Poist isteach i mí Iúil 2015 thar ceann Aire na Roinne Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha (ar a dtugtar an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide anois). Cheadaigh an Roinn sin Conraitheoir Eircode chun Seirbhísí Eircode a bhainistiú.

Is é Capita Business Support Services, Ireland, Limited (Capita) an Conraitheoir Eircode atá ann faoi láthair.

## Beartais Chomhbhainteacha

Is féidir tuilleadh faisnéise a fháil maidir le príobháideachas, an chaoi a láimhseáiltear sonraí agus na ceadúnais a eisímid sna doiciméid seo a leanas:

- Ráiteas Chonraitheoir Eircode maidir le Príobháideachas, a foilsíodh ar ár suíomh gréasáin, eircode.ie
- Beartas Eircode um Úsáid Inghlactha atá i Roinn 8 den doiciméad seo.
- An Beartas maidir le Coinneáil Sonraí, atá ar fáil ón gConraitheoir Eircode arna iarraidh sin uaidh
- Comhaontú Ceadúnais Sholáthraí Eircode, atá ar fáil do Sholáthraithe Eircode arna iarraidh sin dóibh.

## Conarthaí agus Gníomhairí

Údaraíonn an tAire don Chonraitheoir ceadúnais a eisiúint chuig eagraíochtaí eile chun sonraí Eircode a úsáid. Áirítear leis na heagrais sin:

- Úsáideoirí Deiridh Díreacha (amhail bainc, comhlachtaí poiblí agus mar sin de) a úsáidfidh roinnt Eircode in éineacht lena sonraí atá ann cheana, nó
- Soláthraithe Eircode (SEnna) a chuirfidh faisnéis le sonraí Eircode nó a chuirfidh seirbhís ar fáil dá gcustaiméirí.

Tá an Conraitheoir freagrach freisin as clár poiblí de SEnna a bhainistiú, as a phróiseas gearán a riar agus faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh seirbhísí SE.

Beidh na SEnna agus Úsáideoirí Deiridh Díreacha ina rialaitheoirí sonraí iad féin. Ciallaíonn sé sin go mbeidh siad freagrach as sonraí Eircode a phróiseáil go dleathach mar aon le faisnéis phearsanta a fhéadfaidh siad a phróiseáil thar ceann a n-úsáideoirí deiridh.

Ní choinnítear faisnéis phearsanta inaitheanta ar bhunachar sonraí Eircode atá faoi bhainistíocht an Chonraitheora. Tá seoltaí os cionn 2.2 milliún áitreabh ar fud na tíre le fáil sa bhunachar sonraí, in éineacht lena nEircode comhbhainteach.

Mar sin féin, d'fhéadfadh próiseáil sonraí pearsanta a bheith i gceist leis na seirbhísí atá á dtairiscint ag SEnna. Ciallaíonn sé sin go gcabhróidh an Conraitheoir lena chinntiú go gcomhlíonfaidh na seirbhísí a thairgeann na SEnna an reachtaíocht um chosaint sonraí.

## Rialachas agus Rialú na Seirbhísí Eircode

Faoin Acht um Rialáil Cumarsáide (Seirbhísí Poist) (Leasú) 2015 (an tAcht um Sheirbhísí Poist (Leasú), déanfaidh an Conraitheoir faireachán agus iniúchadh ar ghníomhaíochtaí SEnna. Cabhróidh sé sin lena chinntiú go gcomhlíonann seirbhísí atá bainteach le Eircode an Rialachán Seirbhísí Poist agus Achtanna na hÉireann um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003 agus an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) 2018.

Áireofar leis an oibleagáid sin fianaise a lorg ó gach SE ceadúnaithe go gcomhlíonann a gcuid seirbhísí agus gníomhaíochtaí gairmiúla an dlí. Bainfear é sin amach trí iniúchtaí tráthrialta a dhéanamh ar leabhair agus taifid gach SE.

Leis an gComhaontú Ceadúnaithe arna eisiúint ag an gConraitheoir chuig gach SE cáilitheach, beidh sé soiléir go gcaithfidh gach SE a chinntiú go gcomhlíonann a ghníomhaíochtaí agus a sheirbhísí bainistíochta sonraí an dlí. Má tá fadhb le ceadúnais SE, beidh an t-údarás ag an gConraitheoir na ceadúnais sin a chúlghairm, a chur ar fionraí nó a fhoirceannadh.

# 1 Réamhrá

Cheap an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha, (ar a dtugtar anois an Roinn Comhshaoil, Aeráide, agus Cumarsáide), Capita, Conraitheoir Eircode (an Conraitheoir) thiar in 2013 le córas cód poist (Eircode) na hÉireann a fhorbairt agus a bhainistiú.

Chun bunachar sonraí Eircode a thógáil, d'úsáid an Conraitheoir sonraí foinseacha a sholáthair An Post GeoDirectory Limited, a fhaigheann faisnéis ó:

- Suirbhéireacht Ordanáis Éireann
- An Brainse Logainmneacha sa Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, agus
- An Soláthraí Seirbhíse Uilíoch do sheirbhísí poist in Éirinn, An Post

Is iad na seoltaí a úsáidtear iad na 'seoltaí poist' atá sainithe agus coinnithe ag An Post.[1]

Bunaithe ar an bhfaisnéis foinse sin, ghin an Conraitheoir roinnt Eircode uathúil seacht ndigit a sannadh agus a seoladh chuig gach ceann de na 2.2 milliún seoladh poist comhfhreagrach.

Sa doiciméad seo:

- mínítear an rud is Eircode ann agus na buntáistí a bhaineann le Eircode a úsáid.
- mínítear an chaoi a ndéantar Eircode a ghiniúint, a shannadh agus a scaipeadh.
- mínítear beartas agus nós imeachta gearáin maidir le Eircode.
- mínítear beartais cosanta sonraí agus maidir le príobháideachas.
- Soláthraítear liosta de theagmhálacha úsáideacha.

[1] Tagraíonn an téarma 'Seoladh Poist' i gcónaí do sheoladh seachadta mar a shainítear i gCaighdeán Éireannach - I.S. EN 1414 2 -1:2 011 (Seirbhís poist. bunachair sonraí seoltaí), mar atá á bhfeidhmiú ag an Soláthraí Seirbhíse Uilíoch, An Post)

# 2 Forbhreathnú Eircode

## 2.1 Seoltaí in Éirinn

In 2014, bhí 2.2 milliún seoladh poist le fáil in Éirinn. Is féidir iad a mhiondealú ina dhá chatagóir mar seo a leanas:

- Seoltaí Neamh-Uathúla (SNUnna)
- Seoltaí Uathúla (SUnna)

Seoltaí Neamh-Uathúla (SNUnna)

Áirítear le SNUnna:

- grúpa tithe, go minic in áiteanna tuaithe, a roinneann an seoladh céanna.
- pointe seoltaí atá doiléir ó sheoladh comharsanachta.
- Seoltaí nach mbíonn iontu ach baile fearainn agus contae de ghnáth mar aitheantóir seoltaí.

Bhí níos mó ná trian (35%) de na pointí seoltaí ina SNUnna trí sheoladh amháin, cé gur féidir iad a dhifreáil de réir a gcomhordanáidí geografacha. Fágann sé sin go bhfuil sé níos deacra seoladh aonair a shainaithint laistigh de ghrúpa nó braisle seoltaí SNU.


Seoltaí Uathúla (SUnna)

Is éard is seoltaí uathúla ann cás inar féidir seoladh a shainaithint go huathúil de réir ainm nó uimhir foirgnimh, mar shampla, 1 Bóthar an Stáisiúin, Maigh Nuad, Contae Chill Dara.

Bhí beagnach dhá thrian de na seoltaí uathúil.

## 2.2 Struchtúr Eircode

Is cód poist seacht gcarachtar ar fhad é Eircode ina bhfuil dhá ghné - Eochair Ródúcháin agus Aitheantóir Uathúil. Mínítear iadsan thíos.




1. **Eochair Ródúcháin** - a bhfuil trí charachtar inti, ina bhfuil seicheamh litir-uimhir-litir (cé is moite den bhaile poist, Baile Átha Cliath 6W), lean sainaithnítear an príomhbhaile poist a bhaineann le seoladh poist an fhoirgnimh nó na réadmhaoine. Sanntar an príomhbhaile poist trí úsáid a bhaint as na sonraí foinseacha, agus tá 139 dtagairt dhifriúil ó bhaile poist in úsáid faoi láthair.
2. **Aitheantóir Uathúil** - a bhfuil ceithre carachtar ann, agus meascán de litreacha agus uimhreacha ann. Tá an t-aitheantóir sin uathúil do gach réadmhaoin laistigh de phríomhbhaile poist.

## 2.3 Eircode a Shannadh

Cruthaítear agus sanntar roinnt Eircode de réir Thuarascáil an Chórais Náisiúnta Cód Poist (NPS).

Sannann an Conraitheoir Eircode do gach seoladh poist iomlán atá le fáil sna sonraí foinseacha arna soláthar ag An Post GeoDirectory. Le fáil sna sonraí sin tá:

- An seoladh poist (lena n-áirítear uimhir an tí i gcás inarb infheidhme)
- An seoladh geografach
- Comhordanáidí léarscáile

Sannfaidh an Conraitheoir roinnt Eircodes don mhéid seo a leanas:

- gach seoladh poist aonair - mar shampla, teach cónaithe amháin
- aonaid tráchtála aonair, neamhspleácha

- Foirgnimh ina bhfuil níos mó ná áit chónaithe amháin ag a bhfuil seoltaí poist - sannfar Eircode uathúil do gach áit chónaithe aonair - mar shampla, gach árasán laistigh de bhloc árasán.
- Foirgnimh ina bhfuil áiteanna cónaithe iolracha ach nach bhfuil ach seoladh poist amháin acu atá bainteach le seoladh poist an fhoirgnimh - sannfar Eircode amháin dóibh. Ní shannfar Eircode do gach áit chónaithe aonair, ós rud é nach dtaifeadtar a seoltaí sna sonraí foinseacha—mar shampla, seoladh ina bhfuil seomraí iolracha suí is leapa.
- Foirgnimh tráchtála ina bhfuil níos mó ná gnólacht amháin. Ní leithdháilfear Eircode uathúil ach do ghnólachtaí atá inaitheanta trí sheoltaí fo-fhoirgníochta—mar shampla, uimhir Aonaid, Stiúideo nó Svuíte, mar chuid dá seoladh poist. Mar shampla, ionad siopadóireachta ina bhfuil aonaid leithdháilte, inaitheanta.

Seo a leanas roinnt samplaí den uair a shannfar nó nach sannfar Eircode uathúil:

| | Sannfar Eircode uathúil do: | Ní shannfar Eircode uathúil do: |
|---|---|---|
| Seoltaí Cónaithe | • Gach teach ar shráid<br>• Gach árasán i mbloc árasán<br>• Gach aonad in aonad dhá urlár | • Foirgnimh Chónaithe ina bhfuil árasáin/seomraí iolracha suí is leapa nach léirítear mar sheoltaí ar leithligh ar an taobh amuigh den fhoirgneamh.<br>• Carbháin agus teaghaisí sealadacha |
| Seoltaí tráchtála | • Gach seoladh inaitheanta de réir Aonaid; Leibhéil; Uimhreacha Stiúideo:<br>a. I bhfoirgneamh oifige.<br>b. in ionad siopadóireachta.<br>c. i bpáirc ghnó.<br>d. in eastát tionsclaíoch | • Foirgnimh ina bhfuil gnóthas cláraithe amháin nó níos mó i gcás nach ndéantar gnó a thaifeadadh sna sonraí foinseacha arna soláthar ag An Post<br>• Foirgneamh oifige ina bhfuil gnólachtaí iolracha ach nach bhfuil seoltaí fofhoirgnimh aitheanta go uathúil. |

Tá Eircode bainteach le seoladh, seachas leis an duine/na daoine nó na gnóthais atá ag áitiú foirgnimh nó réadmhaoine. Dá bhrí sin, **níl an Eircode inaistrithe ó sheoladh amháin go seoladh eile**. Mar shampla, má bhogann duine nó gnólacht chuig seoladh nua, fanann an Eircode ón seanseoladh leis an seanseoladh agus bainfidh an duine/na gnólachtaí úsáid as an Eircode atá sannta dá seoladh nua.

## 2.4 Tionchar ar Sheoltaí Poist atá ann cheana

Ní bheidh tionchar ag Eircode ar fhaisnéis atá ann cheana maidir le seoladh poist. Ba cheart go gcaithfí le Eircode mar líne bhreise le seoladh poist atá ann cheana.

## 2.5 An tAimsitheoir Eircode

Soláthraíonn an conraitheoir Aimsitheoir Eircode, áis bunaithe ar an ngréasán (https://finder.eircode.ie), ar féidir leat a úsáid chun Eircode a aimsiú le haghaidh seoladh poist aonair nó Eircode a ionchur chun an seoladh poist atá bainteach leis a aimsiú.

Is féidir seoltaí neamh-uathúla a aimsiú ar áis Aimsitheoir Eircode trí úsáid a bhaint as an áis léarscáile. Mar shampla, má tá duine ina chónaí i maoin in Éirinn ag a bhfuil seoladh poist neamhuathúil, soláthraíonn áis Aimsitheoir Eircode léarscáil mhionsonraithe dá c(h)eantar. Tríd a réadmhaoin a aimsiú ar an léarscáil sin agus an marcóir a ailíniú thar shuíomh na léarscáile, taispeánfaidh Aimsitheoir Eircode an Eircode atá sannta don réadmhaoin sin.

Níl faisnéis phearsanta faoi dhuine ná faoi ghnólacht ag an seoladh sin sna sonraí foinseacha ná in Eircode féin.

## 2.6 Ní éigeantach é Eircode a úsáid

Cé go sannfar Eircode do gach seoladh poist in Éirinn, níl aon fhaisnéis phearsanta san Eircode féin.

Mar sin, cé go bhféadfaidh tú cinneadh a dhéanamh gan an Eircode a úsáid i do sheoladh poist ná i do chomhfhreagras, ní féidir le háititheoir na réadmhaoine 'roghnú gan' úsáid dhlisteanach a bhaint as Eircode na réadmhaoine sin ag daoine eile.

Féadfaidh eagraíochtaí tráchtála agus rialtais rogha a dhéanamh roinnt Eircode a úsáid mar go gcabhraíonn siad leis an méid seo a leanas:

- seoltaí neamh-uathúla a shoiléiriú.
- cruinneas earraí agus seirbhísí a fheabhsú
- riosca na calaoise agus na míthuisceana a laghdú.
- Feabhas a chur ar rath mar fhreagra ar 'ghlaoch amach' na seirbhísí éigeandála.

Mar sin, fiú má roghnaíonn tú gan an Eircode a úsáid, is dócha go bhfeicfidh tú an Eircode ar do phost, ar do chomhfhreagras agus ar phacáistí a sheachadtar chuig do sheoladh.

Tá seans ann freisin go bhféadfaidh eagraíochtaí tráchtála, comhlachtaí Stáit agus leath-Stáit an Eircode a úsáid mar 'réimse riachtanach' i bhfoirmeacha iarratais. Cuideoidh sé sin le feabhas a chur ar cháilíocht na sonraí a bhailíonn siad. Laghdófar leis freisin baol na míthuisceana ar sheoltaí neamh-uathúla.

Ní mór d'aon eagraíocht a chinneann réimse 'riachtanach' a dhéanamh den Eircode a chinntiú go bhfuil an chúis atá acu leis sin a dhéanamh ag teacht leis na coinníollacha dleathacha.[2]

Áirítear leis na coinníollacha sin Eircode a sholáthar i gcás:

- Ina sainítear amhlaidh i dtéarmaí agus coinníollacha conartha nó i gcás ina bhfuil sé ina oibleagáid dhlíthiúil.
- Inar gá é chun díobháil nó damáiste don tsláinte a chosc agus/nó caillteanas nó damáiste do réádmhaoin a chosc.
- Inar gá é ar mhaithe le leasanna ríthábhachtacha an duine aonair a mbaineann an Eircode lena réadmhaoin.
- Inar gá é chun ceartas nó feidhm dhleathach a riar, mar shampla, gníomhaíochtaí
- Comhlachta Stáit nó leath-Stáit
- Inar gá é ar mhaithe le leasanna dlisteanacha na heagraíochta atá ag lorg na sonraí.

Murar féidir le heagraíocht údar a thabhairt le réimse 'riachtanach' a úsáid le haghaidh Eircode faoi cheann amháin ar a laghad de na coinníollacha, ba cheart di athmhachnamh a dhéanamh ar riachtanas a dhéanamh de.

Ní mór do chuideachtaí a úsáideann an córas Eircode cloí le rialacháin ábhartha [3] agus le Beartas an Chonraitheora um Úsáid Inghlactha (féach Aguisín A).

Faoin reachtaíocht um Chosaint Sonraí agus faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí, is féidir leat roghnú gan do shonraí pearsanta a úsáid chun críoch áirithe nó a cosc a chur ar a n-úsáid chuige sin, amhail feachtais mhargaíochta dírí, fógraíochta agus díolachán.

Má roghnaíonn tú gan páirt a ghlacadh i bhfeachtas margaíochta dírí poist, beidh feidhm aige sin maidir leis an Eircode freisin, ós rud é go mbeidh an Eircode ina mhír bhreise sonraí i do sheoladh poist.

Mar sin féin, **ní féidir leat agóid** a dhéanamh in aghaidh úsáid an Eircode ina aonar.

Mar shampla, má fhaigheann tú comhfhreagras lena n-áirítear an Eircode mar chuid den seoladh, **ní féidir leat a éileamh** go mbainfidh an seoltóir an Eircode den seoladh i gcomhfhreagras amach anseo.

---

[2] Na Coinníollacha Próiseála Dleathacha i reachtaíocht na hÉireann um Chosaint Sonraí de réir an Achta um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003 agus an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí 2018

[3] Seirbhísí Poist na hÉireann, Reachtaíochtaí Cosanta Sonraí agus Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí

## 2.7 Comhlachtaí na hEarnála Poiblí

Mar chuid de thabhairt isteach Eircode, phróiseáil an Conraitheoir na seoltaí a bhí i seilbh roinnt comhlachtaí san earnáil phoiblí agus shann sé Eircode do gach seoladh uathúil.

Ciallaíonn sé seo gur féidir comhfhreagras a fháil ó chomhlachtaí na hearnála poiblí leis an Eircode atá san áireamh sa seoladh.

Má chreideann tú go bhfuil an Eircode mícheart á úsáid, déan teagmháil leis an gcomhlacht ábhartha san earnáil phoiblí lena gcur ar an eolas. Má tá Eircode mícheart, oibreoidh an Conraitheoir leis an gcomhlacht sin san earnáil phoiblí chun é a cheartú.

I measc na gcomhlachtaí san earnáil phoiblí a chuir Eircode lena liostaí seoltaí tá:


| | |
|---|---|
| an Roinn Coimirce Sóisialaí<br>an Roinn Talmhaíochta<br>an Phríomh-Oifig Staidrimh - Oifig um Chlárú Cuideachtaí Oideachas - Brainsí Bainc<br>an Roinn Oideachais - Córais Bainistíochta Airgeadais<br>an Roinn Oideachais - Ginearálta<br>an Roinn Oideachais - AD Sonraí/Pinsin<br>an Roinn Oideachais - Bunachar Sonraí Iar-Choibhneasta (Prdb) Oideachas -Párolla Pearsanra<br>an Roinn Oideachais - UDMDB | an Roinn Comhshaoil - Agresso<br>an Roinn Comhshaoil - Clár na dToghthóirí<br>an Roinn Comhshaoil - Rátaí Údaráis Áitiúil<br>an Roinn Gnóthaí Eachtracha - Seoladh Sealbhóra<br>an Roinn Sláinte<br>Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta<br>na Coimisinéirí Ioncaim<br>an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre<br>an Bord um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha<br>an Oifig um Chlárú Cuideachtaí |

# 3 Seirbhís Eircode

Tugtar forbhreathnú sa roinn seo ar Sheirbhís Eircode.

## 3.1 An chaoi a n-oibríonn Eircode

Gheobhaidh gach foirgneamh tí, gnó agus rialtais Eircode. Mínítear sa léaráid thíos an chaoi ar dearadh Eircode.




Seacht gcarachtar ar fhad atá san Eircode agus tá sé roinnte ina dhá chuid - Eochair Ródúcháin thrí charachtar ar fhad agus Aitheantóir uathúil cheithre charachtar ar fhad.

Mar is amhlaidh le cóid poist i dtíortha eile, is cuid de dhearadh Eircode é cuidiú leis an tionscal beartán agus poist. Toisc go roinnfear go leor airíonna Eochair Ródúcháin i gceantar, rachaidh tú i dtaithí chomh mór sin uirthi le cóid cheantair do theileafóin líne talún. Níl an chéad litir nasctha go díreach le contaetha, bailte, ná gnéithe geografacha eile (i mBéarla nó i nGaeilge) ach amháin i gcás na gceantar poist atá bunaithe i mBaile Átha Cliath 1- 24, atá á gcoinneáil san Eochair Ródúcháin mar D01 go D24.

Tá ceithre charachtar sa dara cuid den Eircode a tarraingíodh as sraith litreacha agus uimhreacha a roghnaíodh go cúramach agus lena sainaithnítear gach seoladh. Ní bheidh an tAitheantóir uathúil do gach teach ná gnó in ord seichmheach - mar shampla, ní bheidh na cóid ABC1, ABC2, ABC3, agus mar sin de ag an tsraith tithe ar shráid amháin. Cabhróidh sé sin le cás a sheachaint ina dtógtar foirgneamh nua idir dhá fhoirgneamh atá ann cheana agus Eircode sannta dóibh, agus dá bhrí sin éilítear go n-athrófaí na Eircode uile sa cheantar.

Beidh aitheantóirí uathúla ag Eircode seoltaí cóngaracha (taobh le taobh), i bhfocail eile, beidh siad difriúil. Seachnaíonn sé sin an mhíchumarsáid fhéideartha, go háirithe i gceantair thuaithe nach bhfuil uimhir ná ainm aitheantais ag formhór na seoltaí.

## 3.2 Cén chaoi Eircode a úsáid?

Tá samplaí den chaoi a gcuirtear Eircode le seoladh le feiceáil sa tábla thíos. Tabhair faoi deara nach n-athraíonn an córas Eircode do rogha chun do sheoladh reatha a úsáid nó a bhaint.

| Cás | Gníomh |
|---|---|
| Seoladh roimh Eircode | 37 Céide na hÁite<br>Baile ar Bith<br>Cionn tSáile<br>Co. Chorcaí |
| Seoladh Eircode | 37 Céide na hÁite<br>Baile ar Bith<br>Cionn tSáile<br>Co. Chorcaí<br>E06 7167 |

## 3.3 An Eircode a shuíomh ar mhíreanna poist

Ba chóir go mbeadh Eircode le feiceáil i gceannlitreacha ar a líne féin ar mhíreanna poist. Ba chóir an Eircode a phriontáil le formáid trí móide a ceathair - is é sin an Eochair Ródúcháin, spás, Aitheantóir Uathúil (mar shampla: T37 F8HK).



## 3.4 Eircode a úsáid ar líne nó i bhfoirm

Beidh úsáid Eircode ar líne nó i bhfoirm éagsúil ag brath ar an gcaoi a gcuireann cuideachta a bhfoirmeacha i láthair. Moltar do chuideachtaí réimse ar leith a chur ar fáil ar a dtugtar 'Eircode' agus spásanna le haghaidh seacht gcarachtar ann. Ní fhéadfaidh foirmeacha agus suíomhanna gréasáin atá ann cheana réimsí sainiúla carachtar a sholáthar. Mar sin féin, ba cheart go mbeifeá in ann d'Eircode a chur isteach i 'réimsí cód poist' atá sainithe faoi láthair.

## 3.5 Cén chaoi Eircode a aimsiú?

Tá dhá phríomhbhealach ann chun Eircode a fháil amach le haghaidh seolta: litreacha fógra agus an uirlis Aimsitheoir Eircode - https://finder.eircode.ie.

### 3.5.1 Litir Fógra maidir le Eircode

Cuirtear litreacha fógra maidir le Eircode sa phost gach ráithe, i míonna Feabhra, na Bealtaine, Lúnasa agus na Samhna chuig áititheoirí seoltaí poist ar sannadh Eircode dóibh sa ráithe roimhe sin.

### 3.5.2 An Uirlis Aimsitheoir Eircode

Is uirlis chuardaigh ar líne shaor in aisce é Aimsitheoir Eircode atá ar fáil ar shuíomh gréasáin Eircode (www.eircode.ie). Is féidir leat cuardach a dhéanamh trí sheoladh a chur isteach chun Eircode a aimsiú, nó Eircode a chur isteach chun seoladh a aimsiú.

Is féidir leat fón cliste nó gléasanna eile atá cumasaithe do GPS a úsáid ar féidir leo faisnéis faoi shuíomh a sholáthar chun do shuíomh a chinneadh ar léarscáil idirghníomhach leis an áis 'Úsáid Mo Shuíomh'.

Tá an tseirbhís seo le haghaidh úsáid aonair phearsanta, cuirfidh an Conraitheoir teorainn le do rochtain chuig 15 'chuardach' in aghaidh an lae.

Úsáidfidh an Conraitheoir fianáin chun an líon uaireanta a bhfaightear rochtain ar Aimsitheoir Eircode ó do ghléas a rianú.

De réir an dlí[4], cuirfear in iúl do chuairteoirí ar leathanach gréasáin Aimsitheoir Eircode go bhfuil na fianáin seo i bhfeidhm. Tabharfaidh leathanach Aimsitheoir Eircode faisnéis ábhartha eile freisin. Bainfidh an Conraitheoir úsáid as Google Analytics chun faisnéis a bhailiú faoi iompraíocht cuairteoirí, leathanaigh ar gabhadh chucu, seirbhísí a rinneadh a rochtain, agus mar sin de, ar shuíomh gréasáin Eircode. Ní shainaithnítear sna sonraí anailísíochta seo an t-úsáideoir aonair. Mar sin féin, in imthosca áirithe, is féidir leis seoladh IP an úsáideora a

[4] I.R. Uimh. 336/2011 Rialachán maidir le Ríomhphríobháideachas

ghabháil, agus is féidir an seoladh sin in éineacht le sonraí eile a d'fhéadfadh a bheith ar fáil, a úsáid chun tú a shainaithint.

Má ghabhann an Conraitheoir faisnéis phearsanta fútsa, ní mór dóibh an fhaisnéis sin a phróiseáil, a stóráil agus a bhainistiú de réir Reachtaíocht na hÉireann um Chosaint Sonraí agus an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí.

Foilseoidh an Conraitheoir Beartas Príobháideachta ar a shuíomh gréasáin ina soláthrófar tuilleadh sonraí faoina dtiomantas don dlí, agus faisnéis ábhartha eile. Is féidir leat tuilleadh a fháil amach freisin faoi sheasamh Google ar phríobháideacht maidir lena sheirbhís anailísíochta ag:
https://policies.google.com/privacy?hl=en
Féach an beartas príobháideachais agus na téarmaí agus coinníollacha, atá ar fáil ar shuíomh gréasáin Eircode, chun tuilleadh eolais a fháil.

## 3.6 Eircode a Shannadh

I mí Iúil 2015, sannadh Eircode do gach seoladh poist a bhí ann cheana in Éirinn a bhí le fáil sna sonraí foinseacha. Go dtí mí Eanáir 2023, sannadh Eircodes nua ceithre huaire sa bhliain de réir scaoileadh ráithiúil sonraí ag GeoDirectory An Post. Ó mhí Eanáir 2023 i leith, soláthraíonn An Post GeoDirectory comhad nuashonraithe do sheoltaí poist nua ar bhonn míosúil a thugann deis don chonraitheoir roinnt Eircode a shannadh do sheoltaí poist nua sa 2 mhí idir na nuashonruithe ráithiúla.

Tagann an t-aon fhoinse sonraí seoltaí poist atá ag an gConraitheoir Eircode ó shonraí foinseacha GeoDirectory An Post, mura gcuirtear seoladh poist iomlán ar fáil sna sonraí seo, ní bhfaighidh sé Eircode.

Leagtar amach sa roinn seo a leanas an chaoi ar sannadh Eircode roimh an seoladh, agus an chaoi ar sannadh Eircode ón bpointe sin ar aghaidh.

- I gcás seoltaí poist a bhí ann cheana (Réamh-Sheoladh) - Mar chuid den Chlár Eircode, fuarthas gach seoladh poist a bhí ann cheana ó na sonraí foinseacha. Sannadh Eircode uathúla do na seoltaí uile a cuireadh ar fáil. Le linn mhí Iúil 2015, seachadadh Litir um Fhógra Eircode chuig gach seoladh poist, ag cur in iúl d'áititheoirí an Eircode a sannadh don seoladh poist sin.
- I gcás seoltaí nua {Iar-Sheoladh) - Tá Conraitheoir Eircode freagrach as nuashonruithe ar bhunachar sonraí Eircode a bhainistiú. Áireofar leis sin Eircode a chruthú, a shannadh agus a 'scor' nó a tharraingt siar.

Tugtar tuairisc sna cásanna seo a leanas ar chásanna ina sannfar Eircode nua:

| Sampla | Sonra |
|---|---|
| **Foirgneamh aonaid aonair**<br>**Sampla**: tógáil nua | Nuair a fhaigheann an Conraitheoir nuashonruithe míosúla agus ráithiúla ar sheoltaí poist nua, sannfar Eircode nua do gach seoladh iomlán. Seolfar litir fógra le haghaidh gach Eircode nua-shannta chuig an seoladh poist gach ráithe. |
| **Scartáil nó tiontú aonaid aonair go foirgneamh il-aonad - láithreán atá ann cheana.**<br>**Sampla:** ag tógáil ar láithreán an fhoirgnimh a leagadh roimhe | Nuair a fhaigheann Conraitheoir Eircode nuashonrú ar sheoladh poist atá ann cheana, amhail:<br>◆ Foirgneamh scartáilte — tarraingítear siar Eircode an fhoirgnimh sin.<br>◆ Foirgneamh aonaid aonair a bhfuil foirgneamh il-aonad ina áit — beidh an Eircode atá ann cheana 'ar scor', agus sannfar Eircode nua do gach seoladh poist nua |
| **Foirgneamh iltionóntaí - pointí seoltaí uathúla**<br>**Sampla:** bloc árasán, aonaid ghnó laistigh d'ionad siopadóireachta | Sannfar Eircode do gach seoladh poist uathúil atá i bhfoirgnimh iltionóntaí, ar an mbonn go bhfuil seoladh poist comhfhreagrach ag gach fo-fhoirgneamh.<br>A luaithe a bheidh Eircode sannta ag an gConraitheoir, seachadfar Litir um Fhógra Eircode chuig gach seoladh poist gach ráithe. Baineann sé seo le foirgnimh thráchtála agus chónaithe araon. |
| **Foirgneamh iltionóntaí - pointí seoltaí neamh-uathúla.**<br><br>**Samplaí:**<br>Ionad siopadóireachta ina bhfuil bothanna.<br><br>Foirgneamh tráchtála ina bhfuil cuideachtaí nach bhfuil tagairt aonaid ina seoladh poist acu | Sannfar Eircode do gach seoladh poist neamh-uathúil atá i bhfoirgnimh iltionóntaí, ar an mbonn go bhfuil gach seolta inaitheanta leis na focail seo a leanas sa seoladh fo-fhoirgnimh: **Aonad #, Leibhéal #, Svuít #, Stiúideo #**, agus mar sin de.<br><br>Sannfar Eircode do na cineálacha seoltaí poist seo agus mar go seachadfar Litir um Fhógra Eircode chuig **gach** seoladh poist comhfhreagrach gach ráithe.<br>Baineann sé seo le foirgnimh thráchtála agus chónaithe araon. |

## 3.7 Eircode a fháil

Mar a thuairiscítear sa roinn 'Eircode a Shannadh', ní thabharfar Eircode ach do na seoltaí iomlána atá liostaithe in GeoDirectory An Post.

Mura bhfuil Eircode sannta do sheoladh, is dócha go sannfar Eircode don réadmhaoin nuair a gheobhaidh an Conraitheoir nuashonrú ar sheoltaí poist. Sannfaidh an Conraitheoir Eircode laistigh de mhí amháin tar éis seoladh nua agus iomlán a fháil.

## 3.8 Cén chaoi a mbainisteofar Seoltaí Poist?

Ní mór don Chonraitheoir gan faisnéis seoltaí a sholáthraítear sna sonraí foinseacha a athrú. Ní údaraítear don Chonraitheoir ach amháin chun Eircode a shannadh, agus chun seirbhísí dlisteanacha atá bainteach le Eircode a dhéanamh.

## 3.9 Athruithe Eircode a Bhainistiú

A luaithe a bheidh Eircode sannta do sheoladh, ní athrófar an Eircode de ghnáth. Má chreideann tú, áfach, go bhfuil botún ann le Eircode, is féidir leat gearán a dhéanamh leis an gConraitheoir Eircode, faoin reachtaíocht um Sheirbhísí Poist 2015. Má fhaighimid gearán bailí, déanfaimid idirchaidreamh leis na heagraíochtaí éagsúla is páirtithe leasmhara chun iarracht a dhéanamh teacht ar réiteach dearfach.

Déanfaidh an Conraitheoir gearáin bhailí a chlárú agus a imscrúdú.

Agus gearán á dhéanamh agat, is féidir leat an fhoirm ghréasáin nó an seoladh ríomhphoist a úsáid ar http://www.eircode.ie nó is féidir leat glaoch ar ionad teagmhála Chonraitheoir Eircode ag 0818 300 005 agus is féidir le gníomhaire a mhíniú duit cén chaoi gearán a dhéanamh.

Is féidir go mbeidh orainn do shonraí teagmhála pearsanta a fháil chun tú a choinneáil ar an eolas faoi thoradh an imscrúdaithe. Féadfar na sonraí a sholáthraíonn tú a phróiseáil agus a chomhroinnt le páirtithe leasmhara eile chun na críche sin amháin.

Insítear duit sa roinn seo a leanas faoi chumhachtaí forfheidhmithe an Chonraitheora.

### 3.9.1 Beartas um Athrú Eircode

Tá faisnéis faoin Eochair Ródúcháin (na chéad trí dhigit den Eircode) bunaithe ar shonraí seoltaí a chuirtear ar fáil don Chonraitheoir trí úsáid a bhaint as na sonraí foinseacha. Níl aon údarás ag an gConraitheoir an fhaisnéis seoltaí poist ná an Príomhbhaile Post a bhfuil réadmhaoin sannta dó faoi láthair a athrú.

Is é beartas an Chonraitheora gan Eircode a athrú bunaithe ar rogha phearsanta amháin.

I gcúinsí eisceachtúla, féadfaidh an Conraitheoir aontú Eircode atá ann cheana a ionadú. Mar sin féin, déanfaidh an Conraitheoir measúnú ar dtús cé acu is beart réasúnta nó nach bearta réasúnta é an t-athrú sin.

Má tá iarratas inghlactha, cuirfear in iúl duit é agus gheobhaidh tú Eircode nua.

Má tá iarratas ar athrú míréasúnta, cuirfear ar an eolas thú faoin gcinneadh gan athrú, agus fanfaidh d'Eircode mar atá.

Tugtar achoimre sa tábla thíos ar an uair a mheasfar athrú a dhéanamh agus gan é a dhéanamh:

| Measfar athrú a dhéanamh nuair is amhlaidh: | Measfar gan athrú a dhéanamh nuair is amhlaidh: |
|---|---|
| Is féidir leat a thaispeáint go bhféadfaí do Eircode a léirmhíniú de bheith maslach. | Atá an eochair ródúcháin sa Phríomhbhaile ceart fiú má tá sé sin difriúil le léirmhíniú áitiúil an cheantair. |
| Atá seoladh aonad aonair athraithe go seoladh il-aonad sna sonraí foinseacha. | A úsáidtear an fhaisnéis seoltaí a úsáideann aon ghníomhaireacht phoiblí nó phríobháideach eile (seachas An Post GeoDirectory) mar bhunús le hathrú beartaithe ar Eircode. |
| Is dúblach de Eircode eile é Eircode. | Atá réadmhaoine á margú nó á gcur chun cinn de bheith i limistéar geografach difriúil leis an limistéar atá sainithe ag an seoladh poist. |
| A dhéantar míthuiscint leanúnach ar Eircode sannta, agus is féidir leat é sin a chruthú. | |

### 3.9.2 Atá athruithe de dhíth ar an gConraitheoir Eircode

Nach bhfuil coinne ag an gConraitheoir go mbeidh air iarraidh ort Eircode atá ann cheana a athrú. Mar sin féin, más gá é sin a dhéanamh, cuirfidh an Conraitheoir in iúl duit é. Tugtar breac-chuntas sna céimeanna seo a leanas ar nós imeachta an Chonraitheora más gá dóibh iarraidh ort Eircode atá ann cheana a athrú:

1. Sula ndéanfar athrú, scríobhfaidh Conraitheoir Eircode chuig áititheoirí na seoltaí uile a rachaidh an t-athrú i bhfeidhm orthu ag insint dóibh faoi dháta an athraithe agus ag lorg a dtuairimí. (Cé go mbreithneoidh an Conraitheoir gach tuairim a fhaightear, ní fhéadfaidh siad freagra i scríbhinn a thabhairt do gach teaghlach ná duine.)
2. A luaithe a dhéanfar athrú, scríobhfaidh an Conraitheoir Eircode chuig áititheoirí na seoltaí lena mbaineann, ag deimhniú sonraí a gcuid Eircode nua.

3. Cinnteoidh an Conraitheoir go bhfaighidh an post leis na seansonraí nó leis na sonraí Eircode athbhreithnithe an caighdeán céanna seirbhíse go ceann mhéid réasúnta ama tar éis an athraithe.

I gcás ina mbeartaítear athrú a dhéanamh ach nach dtarlóidh sé go ceann trí mhí eile, cuirfidh an Conraitheoir Eircode in iúl d'áititheoirí na réadmhaoine atá i gceist. Tabharfaidh sé sin am dóibh na hathruithe Eircode a chur chun feidhme. Tabharfaidh sé sin deis dóibh freisin foirmeacha, libhré feithiclí, comharthaíocht, suíomhanna gréasáin a thabhairt cothrom le dáta, chomh maith lena mionsonraí nua a chur ar aghaidh chuig daoine agus eagraíochtaí ábhartha.

### 3.9.3 Conraitheoir Eircode agus Athruithe ar Sheoladh Poist

Ní féidir leis an gConraitheoir seoladh poist a shannadh ná a athrú. Is é An Post atá freagrach as leithdháileadh agus bainistíocht seoltaí poist in Éirinn. Tá sonraí teagmhála An Post agus GeoDirectory An Post le fáil i Roinn 7 (thíos).

### 3.9.4 Próiseas Gearán Eircode

Cuid dhílis d'aon seirbhís ghairmiúil is ea nós imeachta foirmiúil, trédhearcach agus cóir maidir le gearáin. De réir an dlí, mura gcinntear go bhfuil gearán 'suarach, cráiteach, fánach nó gan a bheith déanta de mheon maith', ní mór don Chonraitheoir Eircode é a fhiosrú.

Insítear i Roinn 6 den Chód Cleachtais seo (thíos) duit cén chaoi gearán a chlárú agus tugtar cuntas ar an gcaoi a ndéantar gearáin a bhainistiú. Cuirfidh an Conraitheoir Eircode tús le céimeanna foirmiúla atá leagtha amach mar chuid den phróiseas gearán chun aon ghearán a fhiosrú agus chun teacht ar thoradh cóir. Trí ghearán a dhéanamh, údaraíonn tú do ghníomhaire de chuid an Chonraitheora teagmháil a dhéanamh leat faoi do ghearán.

Próiseálfaidh gníomhairí an Chonraitheora aon sonraí pearsanta a bhailítear le linn dóibh an nós imeachta gearán a bhainistiú. Déanfaidh siad é sin i gcomhréir le hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988/2003 na hÉireann agus leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí 2018, agus ní nochtfaidh siad an fhaisnéis sin do thríú páirtithe, ach amháin má tá do thoiliú roimh ré acu, nó sa chás go gceanglaítear orthu é sin a dhéanamh de réir an dlí.

Aithníonn an Conraitheoir go bhfuil sé de cheart agat:

- go gcaithfí go cúirtéiseach agus go hurramach leat
- go gcuirfí faisnéis shoiléir bheacht ar fáil duit
- go bhfaighfeá tuiscint ar an bpróiseas ar an gcaoi a ndearnadh cinneadh maidir le gearán
- go soláthrófaí seirbhísí Eircode duit de réir caighdeáin chomhaontaithe
- go n-inseofaí duit faoi oibleagáidí an Chonraitheora

- go n-urramófaí agus go dtabharfaí cosaint do do mheas ar do rúndacht agus do phríobháideachas, i gcomhréir le reachtaíocht
- na hÉireann um Chosaint Sonraí agus leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí
- Muinín a bheith agat go bpléifí le do ghearán ar bhealach tráthúil agus cóir.

# 4 Caighdeáin Seirbhíse

## 4.1 Caighdeáin Seirbhíse

Teastaíonn ón gConraitheoir agus ón Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide Córas Náisiúnta Cód Poist den chéad scoth, cruinn agus arna nuashonrú ar bhonn tráthrialta a chur ar fáil. Áireofar leis sin Eircode a eisiúint don phobal agus gearáin a bhainistiú freisin. Is mian leis an gConraitheoir obair le heagraíochtaí sna hearnálacha poiblí agus príobháideacha araon chun úsáid Eircode a chomhtháthú ina n-oibríochtaí laethúla.

Faoi théarmaí an Achta um Rialáil Cumarsáide (Seirbhísí Poist) (Leasú), 2015, déanfar athbhreithnithe tréimhsiúla ar oibríochtaí agus seirbhísí an Chonraitheora.

## 4.2 Tiomantas an Chonraitheora

Féachann an Conraitheoir i gcónaí chun feabhas a chur ar a chuid seirbhísí agus caighdeáin ghnó. Ó am go ham, beidh an Conraitheoir ag iarraidh feabhas a chur ar a táirge seirbhíse atá ann cheana féin agus seirbhísí riachtanacha nó inmhianaithe a thabhairt isteach. D'fhéadfadh sé a bheith riachtanach próisis nó córais a leasú chun na feabhsuithe sin a éascú.

Cuirfidh an Conraitheoir na feabhsuithe sin chun feidhme gan mórán cur isteach ar a Sholáthraithe Eircode (SEnna), ar Úsáideoirí Deiridh Díreacha agus ar an bpobal.

# 5 Beartas Cosanta Sonraí

## 5.1 Rúndacht agus Príobháideachas

Urramaíonn Conraitheoir Eircode rúndacht agus príobháideachas a fhoirne, a chuid SEnna, agus an phobail i gcoitinne. Cosnóidh an Conraitheoir aon fhaisnéis phearsanta a sholáthraíonn tú má chláraíonn tú gearán nó má dhéanann tú fiosrúchán. Déanfaidh sé é sin i gcomhréir le Beartas Príobháideachta an Chonraitheora (féach suíomh gréasáin Eircode don bheartas sin) agus le reachtaíocht na hÉireann um Chosaint Sonraí agus an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí.

Is féidir sonraí pearsanta a bhailiú má dhéanann ball den phobal teagmháil dhíreach leis an gConraitheoir le fiosrú nó má bhíonn gearán aige. Cabhraíonn sé sin leis an gConraitheoir teagmháil a dhéanamh leat a luaithe a bheidh an fhadhb nó an gearán sin imscrúdaithe agus réitithe.

Tabhair faoi deara gur féidir sonraí pearsanta, i bhfoirm seoltaí IP, a ghabháil le linn faireachán agus rianú a dhéanamh ar úsáid shuíomh gréasáin an Chonraitheora.

Agus sonraí pearsanta a bpróiseáil aige, cloífidh an Conraitheoir le reachtaíocht na hÉireann um Chosaint Sonraí agus leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí. Dearbhaíonn an Conraitheoir nach nochtfaidh sé (comhroinnt) faisnéis phearsanta d'aon eagraíochtaí tríú páirtí ná daoine gan toiliú ón bpáirtí a sholáthraíonn an fhaisnéis, nó mura gceanglaítear air sin a dhéanamh de réir an dlí. Faigheann foireann an Chonraitheora oiliúint ar na freagraí cuí ar iarratais ar chomhroinnt sonraí.

I gcás ina bhféadfadh cúis dhlisteanach a bheith ag tríú páirtí na sonraí pearsanta atá i seilbh an Chonraitheora a iarraidh, seoltar na hiarrataí sin chuig Stiúrthóir Oibríochtaí an Chonraitheora. Déanfaidh an Stiúrthóir Oibríochtaí athbhreithniú ar an iarratas agus treoróidh sé an fhoireann ar fhreagairt chuí.

I gcás go gcoinníonn Conraitheoir Eircode faisnéis, ní mór gan í a úsáid ach amháin i gcomhréir leis an rialachán um chosaint sonraí mar a leagtar amach thíos:

- Gan an fhaisnéis a fháil agus a phróiseáil ach ar bhealach cothrom amháin.
- Gan í a choinneáil ach amháin le haghaidh cuspóir amháin nó níos mó atá dlíthiúil agus sonraithe
- Gan í a phróiseáil ach amháin ar bhealaí atá comhoiriúnach do na cuspóirí dár tugadh ar dtús í.
- í a choinneáil sábháilte agus slán.
- í a choinneáil cruinn agus cothrom le dáta.
- a áirithiú go bhfuil próiseáil na sonraí leordhóthanach, ábhartha, agus nach bhfuil sí iomarcach.
- í a choinneáil níos faide ná mar is gá chun na críche nó na gcríoch atá sonraithe.

- Cóip de do shonraí pearsanta a thabhairt duit, arna iarraidh sin dó.

### 5.2 Slándáil Sonraí

Déanfar na sonraí go léir a stóráiltear go leictreonach ar chórais an Chonraitheora maidir le gnó Eircode a chosaint le criptiú atá úrscothach. Stórálfar sonraí láimhe a choimeádtar in oifigí Chonraitheoir Eircode go slán de i gcomhréir leis an dlí.

Rianaíonn an Conraitheoir úsáid a sheirbhísí ar líne. Ciallaíonn sé sin gur féidir leis bagairtí ar shlándáil nó ar shláine bhunachar sonraí Eircode a bhrath agus bratach a chur leo. Ina dhiaidh sin, cuideoidh sé seo leo aon iarracht ar shárú nó goid sonraí a choinneáil.

Dá sárófaí sláine a shlándála sonraí, leanfaidh an Conraitheoir a nósanna imeachta agus a fhreagairtí inmheánacha féin maidir le Slándáil Sonraí Inmheánacha agus Fógra Sáraithe.

Chloífeadh an Conraitheoir lena bheartais maidir le hÚsáid Líonra agus Bainistíocht Taifead. Áirítear leis sin nósanna imeachta agus prótacail i dtéarmaí:

- Rialú rochtana ar na sonraí
- Úsáid inghlactha na sonraí
- Úsáidfear na critéir faoina n-úsáidfear na nósanna imeachta um Fhógra Sáraithe agus Athshlánú Tubaiste.
- Logaí iniúchta ar na sonraí a bhfuil rochtain orthu agus cé aige a bhfuil rochtain orthu.

Comhlíonann an Conraitheoir na forálacha dlíthiúla maidir le bainistiú sonraí agus slándála. Déanfar aon sárú ar shlándáil sonraí a thuairisciú chuig Oifigeach Cosanta Sonraí an Chonraitheora i gcomhréir leis an reachtaíocht um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003 agus leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí 2018, agus de réir mar a cheanglaítear faoin Acht um Sheirbhísí Poist (Leasú), 2015.

Tarlaíonn sárú sonraí nuair:

- A chailltear faisnéis phearsanta.
- A tharla rochtain mhíchuí ar fhaisnéis phearsanta ar chórais an Chonraitheora, nó
- Nuair a shanntar sonraí pearsanta do na daoine míchearta.

Má aimsítear sárú sonraí, leanfaidh an Conraitheoir beartais ábhartha. Cuirfidh an Conraitheoir an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide agus Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí ar an eolas i gcónaí faoi shárú. Déanfaidh siad amhlaidh go tráthúil agus oibreoidh siad leo chun tuilleadh sáruithe a chosc.

Má thagann meath ar chórais sonraí an Chonraitheora, má chuirtear isteach orthu, nó má stopann siad ag obair mar gheall ar imeachtaí nach bhfuil smacht ag an gConraitheoir orthu - amhail dálaí adhaimsire nó corraíl shóisialta - leanfaidh an Conraitheoir a Phlean Seirbhíse Leanúnachais Gnó. D'fhéadfadh teagmhas éigeandála, Athlonnú, athruithe ar struchtúir bhainistíochta agus nósanna imeachta agus freagairtí cuí eile a bheith i gceist leis sin.

## 5.3 Sonraí a Fháil agus a Phróiseáil

Go ginearálta, ní fhiafraítear sonraí pearsanta i mbeartas an Chonraitheora dá ghníomhairí. Má fuair tú rud éigin le do shonraí pearsanta air, ba cheart duit teagmháil a dhéanamh leis an eagraíocht a sheol chugat í le fiosú ginearálta.

Chun gearáin a réiteach nó chun fiosruithe a phróiseáil, féadfaidh gníomhaire Conraitheora do shonraí teagmhála pearsanta a fhiafraí díot. Ní úsáidfear an fhaisnéis sin ach amháin chun teagmháil a dhéanamh leat faoi do ghearán nó d'fhiosrú. Ní dhéanfar an fhaisnéis seo a thaifeadadh ach amháin le do thoiliú, agus stórálfaidh na SEnna í de réir na nAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 /2003 agus leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí.

De ghnáth ní cheadaítear do Chonraitheoir Eircode faisnéis phearsanta a nochtadh, a chomhroinnt, a aistriú ná a chur ar fáil ar bhealach eile d'aon tríú páirtí. Tá eisceachtaí ann, áfach - sainítear iad sin sna hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988-2003 agus sa Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí 2018. Mar shampla, i gcás go bhfuil cead ag an gConraitheoir do chuid faisnéise a chomhroinnt nó a aistriú chun gearán atá tugtha aníos agat a réiteach nó a bhfuil dualgas dlíthiúil air déanamh amhlaidh.

Tá an fhaisnéis phearsanta dá dtagraítear anseo teoranta d'aon sonraí pearsanta a d'fhéadfadh tú a sholáthar ionas gur féidir leis an gConraitheoir d'fhiosrú nó do ghearán a phróiseáil. Ní bheidh baint ag na sonraí sin riamh le bunachair sonraí Eircode ná ní stórálfar ar bhunachair sonraí Eircode iad.

Má sholáthraíonn tú faisnéis phearsanta don Chonraitheoir Eircode, nó d'aon Rialaitheoir Sonraí, beidh na cearta agat faoin Acht um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003 agus faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí 2018.

Áirítear leo sin:

- An ceart a bheith curtha ar an eolas faoin gcaoi a mbailímid agus a n-úsáidimid sonraí pearsanta.
- Nuair a fhiafraímid do chuid sonraí díot, ní mór dúinn a rá leat an fáth a bhfuilimid á mbailiú agus an úsáid a bhainfear astu
- An ceart chun rochtain a fháil ar na sonraí pearsanta atá againn fút - Féach 5.3.1 le haghaidh sonraí maidir le cén chaoi na sonraí atá á gcoinneáil againn fút a iarraidh.
- An ceart chun ceartúcháin má tá aon sonraí pearsanta atá againn fút atá míchruinn nó neamhiomlán - Féach roinn 5.3.2
- An ceart go ndéanfaí dearmad ort — i.e., an ceart a iarraidh orainn aon sonraí pearsanta atá againn fút a scriosadh (ní choinnímid do chuid sonraí pearsanta ach go ceann tréimhse theoranta, ach más mian leat go scriosfaimid níos luaithe iad, déan teagmháil linn ag baint úsáide as na sonraí i roinn 5.3.2
- An ceart chun srian (.i. cosc) a chur ar phróiseáil do chuid sonraí pearsanta.

- An ceart chun iniomparthacht sonraí (cóip de do shonraí pearsanta a fháil lena n-athúsáid le seirbhís nó eagraíocht eile)
- An ceart agóid a dhéanamh linn faoi úsáid do shonraí pearsanta chun críoch áirithe; agus
- Cearta a bhaineann le cinnteoireacht uathoibrithe, lena n-áirítear próifíliú.

### 5.3.1 Ceart Rochtana

Mar fhreagra ar iarraidh i scríbhinn uait, cuirfidh an Conraitheoir cóip ar fáil duit d'aon sonraí pearsanta a choinníonn sé fút.

Ba cheart d'iarraidh a bheith i scríbhinn, agus ba cheart é a sheoladh chuig:

Eircode, Oifigeach Cosanta Sonraí,

Aonad B

Páirc Ghnó agus Teicneolaíochta Iarthar Chorcaí

Cloich na Coillte

Co. Chorcaí

P85 YH98

Nó seol ríomhphost chuig hello@eircode.ie

I d'iarraidh, ba cheart duit dóthain faisnéise a chur leis chun ligean don Chonraitheoir do shonraí pearsanta a shainaithint (ainm, seoladh poist, Eircode, agus mar sin de).

Cé nach ngearraimid táille ar iarrataí ar rochtain ó ábhair sonraí, d'fhéadfadh 'táille réasúnta' a bheith infheidhme nuair a mheastar go bhfuil an iarraidh go follasach gan bhunús nó iomarcach (i.e., iarrataí athfhillteacha). Léireofar sa táille an costas riaracháin a bhaineann leis an iarraidh a chomhlíonadh agus cóipeanna breise de dhoiciméid a sholáthar. Scríobhfaimid chuig an duine aonair lena chur ar an eolas má theastaíonn táille uainn chun an iarraidh rochtana ón ábhar uathu a phróiseáil.

A luaithe a bheidh an iarraidh bhailí faighte, freagróidh an Conraitheoir Eircode chomh tapa agus is féidir, ach go cinnte laistigh de mhí amháin ón iarraidh a fháil. A luaithe a bheidh aon fhaisnéis a iarrtar ón duine aonair (amhail cruthúnas aitheantais, soiléiriú, agus i gcásanna neamhchoitianta, aon táille is infheidhme) faighte, admhóidh siad an iarraidh agus freagróidh siad go pras agus, i gcás ar bith, laistigh de mhí amháin ar a mhéad.

Más léir go dtógfaidh sé níos faide ná mí amháin na sonraí pearsanta atá iarrtha a fháil, rachaidh siad i dteagmháil leo ag tabhairt an chúis gur dócha go dtógfaidh sé níos mó ama agus ag cur in iúl dóibh an uair a gheobhaidh siad a gcuid faisnéise. Má tá go leor faisnéise iarrtha acu, féadfaimid í a sholáthar dóibh i gcéimeanna.

Tá sé de cheart agat cóip iniompartha a iarraidh de na sonraí go léir atá i seilbh an chonraitheora. Faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí, tá an conraitheoir freagrach as é sin a sholáthar duit laistigh den teorainn ama agus i bhformáid atá inléite agus inrochtana go héasca.

### 5.3.2 Ceartú agus Léirscriosadh Sonraí Pearsanta

Má tá sonraí pearsanta fút ag Conraitheoir Eircode, is féidir leat a iarraidh go mbainfí de thaifid sonraí an Chonraitheora Eircode iad, agus go ndéanfaí iad a nuashonrú nó a leasú.

Ar eagla go mbaineann an earráid leis an Eircode féin, oibreoidh Conraitheoir Eircode chomh tapa agus is féidir chun an cheist a réiteach.

I gcás ina mbraitear earráid a thagann ó na sonraí foinseacha, déanfaidh an Conraitheoir Eircode idirchaidreamh le soláthraí na sonraí foinseacha chun a áirithiú go gceartófar nó go mbainfear an earráid. D'fhéadfadh sé sin a bheith níos faide le fuascailt.

Déanfar na sonraí pearsanta go léir a bhailítear maidir le réiteach gearán a bhainistiú i gcomhréir leis an bPróiseas Gearán atá leagtha amach i Roinn 6 thíos, agus stórálfar iad faoi réir Bheartas Coinneála Sonraí an Chonraitheora (féach Roinn 6.5).

I gcás ina gcomhroinntear sonraí le tríú páirtí (le cead amháin) ba cheart d'Eircode an tríú páirtí a chur ar an eolas faoi aon iarraidh ar bhaint, leasú nó nuashonrú.

### 5.3.3 Agóidí, Próifíliú agus Cinnteoireacht Uathoibrithe.

Tá sé de cheart ag daoine aonair gan a bheith faoi réir cinnidh nuair atá sé bunaithe ar phróiseáil uathoibríoch, agus nuair a chruthaíonn sé éifeacht dhlíthiúil nó éifeacht shuntasach chéanna ar an duine aonair. Tá sé de cheart ag daoine aonair agóid a dhéanamh i gcoinne phróiseáil a gcuid sonraí le haghaidh próifíliú, margaíochta dírí nó taighde.

Ní phróiseálann Eircode aon sonraí maidir le próifíliú, margaíocht dhíreach, taighde ná próiseáil uathoibrithe. Is inár mbeartas príobháideachais a thugtar achoimre ar na sonraí a bhailímid agus ar an gcaoi a n-úsáidtear iad, ar féidir teacht air ar www.eircode.ie

### 5.3.4 Tacaíocht do d'Ábhair imní

Má tá imní ort faoi úsáid Eircode, ba cheart duit teagmháil a dhéanamh leis an gConraitheoir Eircode, ar an gcéad dul síos, tríd an bpost ag:

Aonad B

Páirc Ghnó agus Teicneolaíochta Iarthar Chorcaí

Cloich na Coillte

Co. Chorcaí

P85 YH98

trí ríomhphost a sheoladh chuig hello@eircode.ie, nó trí ghlaoch ar 0818 300 005.

Déanfaidh Conraitheoir Eircode imscrúdú ar ábhair imní bhailí agus oibreoidh sé leis na páirtithe leasmhara éagsúla chun aon fhadhb a réiteach ar bhealach sásúil.

Má tá imní ort fós faoin mbealach a bhfuil do shonraí pearsanta á mbainistiú, is féidir leat do ghearán a thabhairt chuig Oifig Choimisinéir Cosanta Sonraí na hÉireann ag 21 Cearnóg Mhic Liam Theas, Baile Átha Cliath 2, D02 RD28, Éire nó trí fhoirm gréasáin ar a shuíomh gréasáin - https://forms.dataprotection.ie/contact.

## 5.4 Seirbhísí Dlisteanacha Eircode

Ní bhíonn sonraí pearsanta le fáil i mbunachar sonraí Eircode. Is féidir bunachar sonraí Eircode a cheannach mar atá leagtha amach sa roinn 'Gnó' ar shuíomh gréasáin Eircode, agus mar a cheadaítear le linn gnó dlisteanach a bhaineann le Eircode.

Leis an Acht um Sheirbhísí Poist (Leasú), 2015, sainaithnítear seirbhísí dlisteanacha i dtaca leis an Eircode mar seo a leanas:

- geo-chomhordanáidí a chur i dteannta an Eircode
- sonraí Eircode a eisiúint chuig a seoltaí poist comhfhreagracha
- seoladh poist a mheaitseáil le Eircode (fad is nach bhfuil sonraí pearsanta ná aitheantóirí aonair san áireamh sa mheaitseáil sin)
- forbairt bhunachar sonraí Eircode chun faisnéis eile faoin seoladh poist a chur san áireamh.
- bunachar sonraí a chruthú ina bhfuil sonraí Eircode mar aon le faisnéis eile a bhaineann leis, mar shampla, i gcás ina gcuireann Soláthraí Eircode sonraí Eircode le bunachar sonraí atá ann cheana d'fhaisnéis cliant.
- soláthraithe seirbhíse atá cáilithe go cuí a cheadúnú chun gníomhú mar Sholáthraithe Eircode
- soláthar seirbhísí breise i ndáil leis an Eircode

D'fhoilsigh Conraitheoir Eircode Beartas um Úsáid Inghlactha (féach Roinn 8) d'úsáideoirí seirbhíse i gcomhairle leis an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide. Is é príomhchuspóir an Bheartais seo baill den phobal a chur ar an eolas faoi na húsáidí iomchuí a bhaineann leis an Eircode.

Feidhmíonn an Beartas mar threoir freisin do SEnna maidir le seirbhísí a bhaineann le Eircode a dhearadh agus a sheachadadh trí úsáid a bhaint as na sonraí ón gConraitheoir Eircode, chun a chinntiú go gcloíonn na seirbhísí sin le reachtaíocht na hÉireann um Chosaint Sonraí agus Seirbhísí Poist.

Is minic a nochtann SEnna agus Úsáideoirí Deiridh an Eircode d'eagraíochtaí eile, lena n-áirítear d'eagraíochtaí atá bunaithe lasmuigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch. Ní mór nochtadh den sórt sin a dhéanamh faoi rialuithe agus faoi fhorálacha conartha bainistithe sonraí agus ba cheart ionchais shoiléire a leagan síos ann maidir le húsáid inghlactha agus dhleathach na sonraí Eircode.

Foilseoidh Conraitheoir Eircode Eolaire SEnna ar a shuíomh gréasáin atá ceadúnaithe ag an gConraitheoir chun seirbhísí Eircode a sholáthar. Déantar é sin chun trédhearcacht a chur ar fáil don phobal maidir leis an eintiteas a cheadúnaigh úsáid bhunachar sonraí Eircode.

Déanfaidh an Conraitheoir iniúchadh go tráthrialta ar na seirbhísí Eircode sin chun a chinntiú go gcomhlíonfaidh na SEnna a gcuid dualgas. Tá údarás ag an gConraitheoir ceadúnas SE a

chúlghairm, a chur ar fionraí nó a fhoirceannadh le haghaidh neamh-chomhlíontacht shubstaintiúil nó mharthanach.

Leagtar na hoibleagáidí sin amach i dtéarmaí Chomhaontú Ceadúnaithe SE. Cuirfear in iúl go soiléir iad le haon eagraíocht a dhéanann iarratas ar cheadúnas SE a fháil.

D'fhéadfaí tús a chur le hiniúchadh ar SE nó ar Úsáideoir Deiridh i ngeall ar:

- neamhinniúlacht maidir le sonraí Eircode a bhainistiú agus a phróiseáil.
- líon mór gearán ó úsáideoirí maidir le sonraí a fuair SEnna nó a phróiseálann siad.
- tuarascálacha míosúla déanacha nó míchruinn maidir le húsáid Eircode
- sceideal tráthrialta faireacháin ar SE

## 5.5 Fógra Príobháideachais ar Shuíomhanna Gréasáin

Faoi fhorálacha an Achta um Sheirbhísí Poist (Leasú) 2015, ní mór don Chonraitheoir Eircode agus do SEnna ceadúnaithe araon Fógra Príobháideachais a fhoilsiú ar a suíomhanna gréasáin faoi seach. Áireofar leis an bhFógra an méid seo a leanas:

- Míniú ar chúlra agus ar chomhthéacs an Eircode
- tuairisc ar fhoinsí na sonraí Eircode
- míniú ar fhoinsí na sonraí breise atá acu, go háirithe i gcás ina gcuimsíonn sé sin sonraí pearsanta lena sainaithnítear duine aonair (atá san áireamh i dtuarascálacha SE)
- faisnéis maidir le clár poiblí de SEnna ceadúnaithe a bheith ar fáil (cuir an méid seo san áireamh I
- dTuarascáil an chonraitheora)
- faisnéis duit maidir leis an gceart atá agat go ndéanfaí sonraí míchearta fút a cheartú nó a bhaint.
- faisnéis faoi do cheart chun gearáin bhailí faoi sheirbhísí Eircode a chlárú leis an gConraitheoir.

## 5.6 Beartais Coinneála agus Scriosta

Ní úsáidfear faisnéis phearsanta a fhaigheann an Conraitheoir ach chun na críche sin agus ní choinneofar í ach chomh fada agus is gá chun oibleagáidí dlíthiúla agus rialála an Chonraitheora a shásamh. Beidh na sonraí pearsanta uile faoi réir bheartais Coinneála agus Scriosta Sonraí an Chonraitheora Eircode is féidir a sholáthar arna n-iarraidh sin.

Níl sé ar intinn ag an gConraitheoir sonraí a bhailiú agus a stóráil chun aon chríche seachas na críocha dlisteanacha atá thuasluaite.

EIRCODE

## 5.7 Beartas Príobháideachais

Glacfaidh Conraitheoir Eircode gach cúram chun do phríobháideachas agus príobháideachas úsáideoirí eile a sheirbhísí a chosaint. Is iad na prionsabail seo a leanas príomhghnéithe Bheartas Príobháideachais an Chonraitheora, atá ar fáil ar shuíomh gréasáin an Chonraitheora.

Tá Conraitheoir Eircode faoi réir reachtaíochta maidir le príobháideachas agus rúndacht, lena n-áirítear na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003 agus an Reachtaíocht Ghinearálta um Chosaint Sonraí 2018. Tá aon díospóid nó éilimh ar shárú príobháideachais faoi réir dhlínse chúirteanna na hÉireann.

- Caithfear go rúnda le haon chomhad sonraí nó taifead ina bhfuil sonraí pearsanta.
- Agus tú ag plé i scríbhinn leis an gConraitheoir Eircode, b'fhéidir go mbeidh ort faisnéis phearsanta a chomhroinnt leis an gConraitheoir Eircode. Tá an chaoi a gcaitear le haon fhaisnéis phearsanta a fhéadfaidh Conraitheoir Eircode a bhailiú le linn an ghnáthchúrsa gnó faoi réir fhorálacha Achtanna na hÉireann um Chosaint Sonraí agus an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí.
- Ní stórálfaidh Conraitheoir Eircode sonraí inaitheanta pearsanta go ceann tréimhse níos faide ná mar is gá.
- Ní nochtfaidh ná ní chomhroinnfidh Conraitheoir Eircode do chuid faisnéis phearsanta le haon tríú páirtí lasmuigh d'eagraíocht an Chonraitheora féin gan do thoiliú roimh ré ach amháin má bhíonn orthu déanamh amhlaidh de réir an dlí.
- Ní dhéanfar sonraí pearsanta a sholáthraíonn tú mar chuid d'iarratas, nó mar chuid d'iarraidh nó d'fhiosrú a rinne tú, a chur ar aghaidh ach chuig an aonad gnó ábhartha laistigh d'eagraíocht an Chonraitheora Eircode.
- Tá sé de cheart agat cóip de shonraí pearsanta a d'fhéadfadh a bheith ag an gConraitheoir Eircode fút a fháil.
- Glacann gach ball foirne de Chonraitheoir Eircode páirt in oiliúint éigeantach bhliantúil maidir lena ndualgais um Chosaint Sonraí agus Feasacht ar Shlándáil Faisnéise.
- Má tá faisnéis phearsanta curtha isteach agat trí shuíomh gréasáin Chonraitheoir Eircode ach más mian leat an Conraitheoir a chosc nó a stopadh ó úsáid a bhaint as an bhfaisnéis chun na gcríoch a cuireadh isteach, déan teagmháil leis an gConraitheoir trí ríomhphost ag: hello@eircode.ie. Ba cheart go luafaí i do r-phost an fáth a bhfuil imní ort agus go dtabharfaí dóthain faisnéise ann chun cabhrú leis an gConraitheoir freagra a thabhairt ar d'iarraidh.

# 6 Próiseas Gearán

Ní féidir gearáin a sheachaint uaireanta, ach nuair a tharlaíonn siad, bíonn próiseas oscailte, cothrom agus trédhearcach i bhfeidhm ag an gConraitheoir chun a ndícheall a bhainistiú agus a dhéanamh chun iad a réiteach chun do shástachta i gcás inar féidir.

Má tá gearán á dhéanamh agat, tabhair dóthain faisnéise chun cur ar chumas an Chonraitheora é a fhiosrú i gceart.

Seo a leanas treoir maidir le próiseas Bainistíochta Gearán an Chonraitheora. Chun críoch tuairiscithe, déanfar gearáin dhlisteanacha a chuirtear isteach i scríbhinn chuig an gConraitheoir Eircode a chatagóiriú trí úsáid a bhaint as na cineálacha atá liostaithe thíos.

## 6.1 Cineál na ngearán

| Gearán | Tuairisc |
|---|---|
| Seirbhís Ionaid Glaonna | Gearáin faoin leibhéal seirbhíse atá á soláthar ag ionad seirbhíse an Chonraitheora. |
| Eircode Reatha | Gach gearán faoi sheirbhísí Eircode. |
| Próisis Ghnó | Gearáin faoi phróisis ghnó atá ag an gConraitheoir faoi láthair a cheaptar nach bhfuil ag obair. |
| Seoladh Poist* | Ní féidir leis an gConraitheoir gearáin a bhaineann leis an seoladh poist a sheoladh agus cuirfear ar aghaidh chuig An Post iad. |

*Tabhair do d'aire gurb é seoladh a úsáidtear i litir fógra Eircode ina n-insítear d'áititheoir Eircode, nó seoladh a sholáthraítear leis an Aimsitheoir Eircode, an seoladh poist a sholáthraítear don Chonraitheoir ó na sonraí foinseacha (féach Roinn 3.6: 'Eircode a shannadh').

## 6.2 Cén chaoi gearán a dhéanamh?

Is féidir leat gearán a dhéanamh ar an nguthán, ar ríomhphost, ar líne nó tríd an bpost. Féach na sonraí thíos le haghaidh gach ceann de na roghanna seo.

| Gearán | Sonraí Teagmhála |
|---|---|
| Teileafón | Is féidir gearáin teileafóin a dhéanamh le hIonad Teagmhála an Chonraitheora Eircode tríd an uimhir seo a leanas a úsáid: 0818 300 005 |
| Ríomhphost | Ba chóir gearáin ríomhphoist a sheoladh chuig an gconraitheoir ag baint úsáide as na sonraí seo a leanas:<br>• Seoladh ríomhphoist: **hello@eircode.ie**<br>• Líne ábhair ríomhphoist: Gearáin |
| Suíomh Gréasáin (Eircode.ie) | Is féidir gearáin a chlárú ar shuíomh gréasáin Eircode |
| Post | Ba cheart gearáin phoist a sheoladh chuig:<br>• Gearáin, Eircode, Aonad B, Páirc Ghnó agus Teicneolaíochta Iarthar Chorcaí, Chloich na Coillte, Co. Chorcaí, P85 YH98 |

## 6.3 Cén chaoi a ndéanfaidh an Conraitheoir do ghearáin a bhainistiú agus a fhreagairt

Déanfaidh Conraitheoir Eircode athbhreithniú ar gach gearán chun a fháil amach an bhfuil siad cráiteach, suarach, fánach, nó gan a bheith déanta de mheon macánta.

Má chinneann an Conraitheoir go bhfuil do ghearán fíor, déanfaidh sé iarracht é a réiteach chomh tapa agus is féidir. Beidh freagraí ar ghearáin éagsúil ag brath ar chineál agus ar chastacht an ghearáin.

## 6.4 Tuarascáil um Bainistiú Gearán

De réir an dlí, ní mór don Chonraitheoir tuairisciú go bliantúil don Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil chun faisnéis a sholáthar faoin gcaoi a bhfuil an nós imeachta um Bainistiú Gearán ag obair. Ba cheart na nithe seo a leanas ar a laghad a bheith sa tuarascáil sin:

- líon na ngearán a fuarthas
- an réimse gearán a fuarthas (bunaithe ar an gcatagóiriú thuas)
- na cinntí a rinneadh tar éis imscrúdú a dhéanamh ar ghearáin.
- cinntí nuair a chinn an conraitheoir gan gearán a imscrúdú.
- aon fhaisnéis eile a mheasann an conraitheoir a bheith iomchuí.

## 6.5 Faisnéis faoi Ghearáin a Choinneáil

Is é beartas an Chonraitheora é taifid a choinneáil i ndáil le gearáin go ceann trí mhí tar éis réiteach an ghearáin. Chun treochtaí sna gearáin a shainaithint, coinneoidh an Conraitheoir gnéithe áirithe de shonraí an ghearáin ach bainfidh sé tagairt do shonraí pearsanta aitheantais. B'fhéidir nach mbeidh anailís ar na treochtaí indéanta má scriostar na sonraí díreach tar éis gearán a réiteach. Déanfar athbhreithniú bliantúil ar an mbeartas seo.

## 6.6 Gearáin faoi Mhargaíocht Dhíreach

Níor cheart go n-athródh Eircode a chur le seoladh poist atá ann cheana na hoibleagáidí atá i bhfeidhm ar eagraíochtaí i dtéarmaí na margaíochta dírí. Ní mór d'eagraíochtaí leanúint de na codanna ábhartha den reachtaíocht um Chosaint Sonraí a chomhlíonadh agus feachtais mhargaíochta á ndéanamh acu.

Má fhaigheann tú post díreach gan iarraidh, ba cheart duit teagmháil a dhéanamh leis an eagraíocht a chuir an post chugat agus a rá leo gur mian leat go mbainfí as a liosta seachadta margaíochta thú. Tá 40 lá ag an eagraíocht ansin chun do sheoladh a bhaint dá liosta.

Má leanann tú de phost díreach a fháil ón eagraíocht seo, is féidir leat gearán a dhéanamh le hOifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí (info@dataprotection.ie).

### 6.6.1 Ról an Chonraitheora Eircode

I gcás ina dtagann Conraitheoir Eircode ar an eolas go bhfuil SE ceadúnaithe ag éascú dháileadh feachtais mhargaíochta dírí gan iarraidh, déanfaidh sé gach iarracht aghaidh a thabhairt air sin leis an SE, agus lena chinntiú go stopann an ghníomhaíocht. Déanfar neamh-chomhlíontacht mharthanach a thuairisciú d'Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí.

# 7 Teagmhálaithe Úsáideacha

| Eagraíocht | Sonraí Teagmhála |
|---|---|
| An Post | An Post<br>Ard-Oifig an Phoist<br>Sráid Uí Chonaill Íochtarach<br>Baile Átha Cliath 1<br>D01 F5P2<br><br>Gréasán: www.anpost.ie |
| An Post GeoDirectory | An Post GeoDirectory<br>Ard-Oifig an Phoist<br>Sráid Uí Chonaill Íochtarach<br>Baile Átha Cliath 1<br>D01 F5P2<br><br>Gréasán: www.geodirectory.ie |
| An Coimisiún um Rialáil Cumarsáide (ComReg) | An Coimisiún um Rialáil Cumarsáide (ComReg)<br>Uimhir a hAon Ceantar na nDugaí Láir<br>Sráid na nGildeanna<br>Baile Átha Cliath 1<br>D01 E4X0<br><br>Gréasán: www.comreg.ie/contact |
| An Conraitheoir / Eircode | An Conraitheoir / Eircode<br>Aonad B<br>Páirc Ghnó agus Teicneolaíochta Iarthar Chorcaí<br>Cloich na Coillte<br>Co. Chorcaí<br>P85 YH98<br><br>Gréasán: www.eircode.ie |
| Oifig an Choimisinéara Faisnéise | Oifig an Choimisinéara Faisnéise<br>6 Ardán Phort an Iarla<br>Baile Átha Cliath 2<br>D02 W773<br><br>Gréasán: www.oic.ie |

EIRCODE

| | |
|---|---|
| Oifig an Choimisinéara um Chosaint Sonraí | **Oifig Choimisinéir na hÉireann um Chosaint Sonraí,**<br>21 Cearnóg Mhic Liam Theas,<br>Baile Átha Cliath 2<br>D02 RD28<br><br>Gréasán: www.dataprotection.ie/ |
| An tAire<br>Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide | An Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil<br>29-31Bóthar Adelaide<br>Baile Átha Cliath 2<br>D02 X285<br><br>Gréasán:<br>https://www.gov.ie/en/organisation/department-of-the-environment-climate-and-communications/ |

Faisnéis faoi Chóipcheart

Is é Conraitheoir Eircode a bhainistíonn Eircode - seirbhís a chuireann Capita Business Support Services Ireland Limited ar fáil.

Coinníonn **Eircode gach** ceart intleachtúil maidir le téacs agus íomhánna grafacha sa doiciméad seo. Tá an doiciméad seo beartaithe le haghaidh úsáid phearsanta amháin. Ní féidir aon íomhá ná téacs (ná aon chuid díobh) sa doiciméad seo a atáirgeadh, a chur i láthair, a dháileadh, ná a mhodhnú le haghaidh úsáid tráchtála, phoiblí nó ar shlí eile gan toiliú sainráite roimh ré ón gConraitheoir Eircode chun déanamh amhlaidh. Éilíonn Conraitheoir Eircode an ceart chun aisíocaíocht a dhéanamh ar aon chaillteanas, costas, caingean, éileamh agus dliteanas a thabhaítear má tharlaíonn sárú ar an gcomhaontú cóipchirt nó ceart intleachtúil seo. Séanann Conraitheoir Eircode dliteanas a d'fhéadfadh teacht as aon mhíchruinneas nó neamhréireacht fhíorasach atá sa doiciméad seo agus a d'fhéadfadh damáiste a dhéanamh má bhítear ag brath air.

# 8 Iarscríbhinn A - Beartas um Úsáid Inghlactha

Leagtar amach sa Bheartas seo um Úsáid Inghlactha na téarmaí idir tú féin agus Capita Business Support Services Ireland Limited faoinar féidir leat ár suíomh gréasáin a rochtain, www.eircode.ie (an "**Suíomh Gréasáin**") agus an bunachar sonraí náisiúnta cód poist, Bunachar Sonraí EIRCODE® a úsáid.

Beidh feidhm ag an mBeartas sin um Úsáid Inghlactha maidir le gach úsáideoir agus cuairteoir ar an Suíomh Gréasáin agus úsáideoirí Bhunachar Sonraí EIRCODE® (lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta do, SEnna agus Úsáideoirí Deiridh, mar a shainítear thíos).

Ciallaítear le hÚsáid an tSuímh Gréasáin agus Bhunachar Sonraí EIRCODE® go nglacann tú leis an mBeartas seo um Úsáid Inghlactha, agus go n-aontaíonn tú cloí leis, chomh maith le Téarmaí Úsáide an tSuímh Gréasáin, www.eircode.ie/legal agus leis an gCód Cleachtais www.eircode.ie/code-practice.

Tá an Suíomh Gréasáin á oibriú ag Capita Business Support Services Ireland Limited ("muid" nó "sinn"). Táimid cláraithe in Éirinn faoi uimhir chuideachta 395165, is é Aonad B, Páirc Ghnó agus Teicneolaíochta Iarthar Chorcaí, Cloich na Coillte, Co. Chorcaí, P85 YH98 ár n-oifig chláraithe . Is é Aonad B, Páirc Ghnó agus Teicneolaíochta Iarthar Chorcaí, Cloich na Coillte, Co. Chorcaí, P85 YH98 ár bpríomhsheoladh trádála. Is é IE6415165A ár n-uimhir CBL.

## 1. Cuspóir

Is é cuspóir an bheartais seo (i) na téarmaí a leagan amach lena bhféadfaidh tú an Suíomh Gréasáin a rochtain agus (ii) míniú a thabhairt ar an raon bealaí inar féidir le Soláthraithe Eircode ceadúnaithe (SEnna) agus Úsáideoirí Deiridh, chomh maith leis an bpobal i gcoitinne, an bunachar sonraí náisiúnta cód poist a úsáid, ("Bunachar Sonraí EIRCODE®" anseo feasta).

Is eagraíochtaí iad Soláthraithe Eircode a thairgeann seirbhísí breisluacha a bhaineann le Bunachar Sonraí EIRCODE® do chuideachtaí agus d'úsáideoirí deiridh.

Is eagraíochtaí agus daoine aonair iad Úsáideoirí Deiridh a úsáideann Bunachar Sonraí EIRCODE® iad féin, le hidirghabháil nó gan rannpháirtíocht Soláthraithe Eircode.

Mar an eagraíocht atá freagrach as forbairt, cur chun feidhme, bainistiú imlonnaithe agus oibriú Bhunachar Sonraí EIRCODE®. Déanfaidh Capita Business Support Services Ireland Limited (Conraitheoir Eircode) faireachán ar ghníomhaíochtaí agus ar úsáid Bhunachar Sonraí EIRCODE® ag na SEnna ceadúnaithe agus ag na hÚsáideoirí Deiridh chomh maith leis an bpobal i gcoitinne.

Féachann an beartas seo freisin le sláine agus cuspóirí Bhunachar Sonraí EIRCODE® a chosaint, a chuireann EIRCOOE® uathúil ar fáil do sheoltaí laistigh d'Éirinn.

Trí úsáid mhíchuí a bhaint as Bunachar Sonraí EIRCODE®, d'fhéadfaí úsáid neamhdhleathach nó mhíchuí a bhaint as a gcuid sonraí pearsanta a nochtadh do shealbhóirí tí agus do dhaoine aonair, agus/nó d'fhéadfadh cur isteach ar a saol pearsanta agus ar a gcomhfhreagras a bheith mar thoradh air.

Is é beartas an Chonraitheora Eircode gur cheart Bunachar Sonraí EIRCODE® agus a tháirgí agus seirbhísí comhbhainteacha a thairiscint ar bhealach atá oscailte, trédhearcach, agus a chomhlíonann na dlíthe, na caighdeáin agus na rialacháin ábhartha uile.

## 2. Raon feidhme

Beidh feidhm ag an mbeartas seo maidir le húsáid (i) an tSuímh Gréasáin agus (ii) an EIRCODE® sheacht ndigit a eisítear do gach réadmhaoin in Éirinn.

Is féidir le sealbhóirí tí aonair an EIRCODE® a úsáid mar aitheantóir uathúil dá réadmhaoin tí chomh maith le réadmhaoin ghnó agus tráchtála a shainaithint. Beidh EIRCODE® sannta ag breis agus 2.2 milliún réadmhaoin Éireannach.

Beidh eagraíochtaí tráchtála (SEnna) ceadúnaithe chun seirbhísí bainistíochta sonraí a thairiscint ag baint úsáide as Bunachar Sonraí EIRCODE®, agus rialófar leis an mBeartas seo, an Cód Cleachtais chomh maith leis an gComhaontú Ceadúnaithe a rinneadh le Conraitheoir Eircode an úsáid a bhaineann siad as Bunachar Sonraí EIRCODE® de réir mar a chuireann siad a gcuid seirbhísí breisluacha ar fáil.

Tá SEnna, Úsáideoirí Deiridh, agus úsáideoirí an tSuímh Gréasáin agus/nó Bhunachar Sonraí EIRCODE® freagrach as breithiúnas maith a chleachtadh maidir le húsáid iomchuí an tSuímh Gréasáin agus/nó EIRCODE® agus ní mór dóibh cloí le beartais, cóid chleachtais agus caighdeáin an Chonraitheora Eircode, Téarmaí Úsáide an tSuímh Gréasáin, Comhaontuithe Ceadúnaithe (i gcás inarb infheidhme) agus le gach dlí agus Rialachán áitiúil.

Áirítear leis seo forálacha an Achta Cumarsáide (Seirbhísí Poist) (Leasú), 2015, na nAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003 agus an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí 2018.

## 3. Úsáid Inghlactha

### 1.1Úsáid Ghinearálta an tSuímh Gréasáin, EIRCODE® agus Bhunachar Sonraí EIRCODE®

**3.1.1.** Fanfaidh Bunachar Sonraí an tSuímh Gréasáin agus EIRCODE® agus gach ceart maoine intleachtúla a bhaineann leo mar mhaoin eisiach an Chonraitheora Eircode agus a cheadúnóirí. Ní mór do dhaoine aonair agus d'eagraíochtaí a bheith údaraithe chun

Bunachar Sonraí EIRCOOE® a úsáid ach ní mór dóibh é sin a dhéanamh ar bhealach dlíthiúil.

**3.1.2.** Spreagtar baill den phobal EIRCOOE® a úsáid, chomh maith lena seoladh, chun cabhrú le seirbhísí poist, suíomh agus seirbhísí den chineál céanna a sheachadadh ar bhealach níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla. Is féidir leo EIRCODES® a chuardach ar líne ar an Suíomh Gréasáin trí "Aimsitheoir Eircode" a úsáid. Le húsáid Bhunachar Sonraí EIRCODE® ar an Suíomh gréasáin ciallaítear go nglacann tú leis an mBeartas seo um Úsáid Inghlactha, agus go n-aontaíonn tú cloí leis, chomh maith le Téarmaí Úsáide an tSuímh Gréasáin, **www.eircode.ie/legal** agus leis an gCód Cleachtais **www.eircode.ie/code-practice**. Mura n-aontaíonn tú leis seo, ná bain úsáid as an Suíomh Gréasáin ná as Bunachar Sonraí EIRCOOE®.

Cuireann Conraitheoir Eircode saoráid Aimsitheoir Eircode ar fáil mar shaoráid shaor in aisce chun EIRCODES® a aimsiú a bhaineann le réadmhaoin - beidh sé sin teoranta do 15 chuardach ar shaoráid Aimsitheoir Eircode in aghaidh an lae. Sainaithneofar úsáideoirí a sháraíonn an líon cuardach sin i dtréimhse 24 uair an chloig, agus laghdófar a rochtain ar Bhunachar Sonraí EIRCODE®. Ní mór gach úsáid den sórt sin a bheith de réir an Pholasaí seo, ár dTéarmaí Úsáide **www.eircode.ie/legal** agus an Cód Cleachtais **www.eircode.ie/code-of-practice**.

Cuireann an Conraitheoir Eircode sraith fhairsing **Ceisteanna Coitianta (CCanna)** agus a bhfreagraí faoi seach ar fáil ar an Suíomh Gréasáin chun formáid, struchtúr agus éagsúlacht úsáidí EIRCODES® agus Bhunachar Sonraí EIRCODE® a mhíniú.

**3.1.3** Údaraítear do Sholáthraithe Eircode (SEnna) agus Úsáideoirí Deiridh Bunachar Sonraí EIRCODE® a úsáid laistigh de na téarmaí a leagtar amach sa Chomhaontú Ceadúnaithe, arna n-eisiúint ag Conraitheoir Eircode. Tríd an gComhaontú Ceadúnaithe a shíniú, aontaíonn SE agus Úsáideoirí Deiridh cloí ní amháin le téarmaí an Chomhaontaithe sin ach le téarmaí an Bheartais seo um Úsáid Inghlactha chomh maith leis an gCód Cleachtais.

Cuireann Conraitheoir Eircode **Cód Cleachtais** ar fáil agus foilsítear ar an Suíomh Gréasáin **www.eircode.ie/cód cleachtais** é, ina leagtar ionchais réasúnta maidir le húsáid inghlactha EIRCODE® agus Bhunachar Sonraí EIRCODE®.

## 4. Reachtaíocht

Faoin Acht Cumarsáide (Seirbhísí Poist) (Leasú) 2015, meastar gur úsáidí inghlactha de EIRCODE® agus Bunachar Sonraí EIRCODE® iad na gníomhaíochtaí seo a leanas:

- EIRCOOE® a úsáid mar aitheantóir uathúil ar réadmhaoin intíre, tráchtála nó chathrach
- seoladh poist a mheaitseáil le EIRCODE®
- bunachar sonraí EIRCODE® a fheabhsú chun faisnéis eile faoin seoladh poist a chur san áireamh.
- bunachar sonraí EIRCODE® a chruthú nó a bhainistiú ag Conraitheoir Eircode nó ag SE.
- soláthraithe seirbhíse atá cáilithe go cuí a cheadúnú chun gníomhú mar Sholáthraithe Eircode
- seirbhísí breisluacha ag Soláthraithe Eircode a sholáthar i ndáil le Bunachar Sonraí EIRCOOE®

## 4.1. Cosaint Sonraí

Ní mór do na SEnna agus na hÚsáideoirí Deiridh a chinntiú go gcloífidh próiseáil agus úsáid na sonraí pearsanta atá bainteach le Bunachar Sonraí EIRCODE® le forálacha agus rialacha reachtaíocht Cosanta Sonraí na hÉireann, mar atá:

- gur cheart go mbeadh an phróiseáil cothrom, dleathach, oscailte agus trédhearcach maidir le sonraí pearsanta daoine aonair beo.
- nár cheart go ndéanfaí an phróiseáil ach chun críche dleathaí agus sonraithe amháin nó níos mó
- gur cheart aon úsáid nó seirbhís a thairgfí a bheith comhoiriúnach leis na críocha sonraithe sin
- gur cheart aon sonraí pearsanta a choinneáil slán sábháilte ó rochtain nó modhnú neamhdhleathach nó neamhúdaraithe
- gur cheart na sonraí pearsanta a choinneáil chomh cruinn agus chomh cothrom le dáta agus is féidir
- gur cheart aon phróiseáil nó nochtadh na sonraí pearsanta a bheith leordhóthanach, ábhartha agus gan a bheith iomarcach.
- nár cheart do SE ná don Úsáideoir Deiridh na sonraí pearsanta a choinneáil níos faide ná mar is gá chun na seirbhísí ábhartha a sholáthar

Ní mór do SE agus d'úsáideoirí deiridh cloí le forálacha eile na reachtaíochta um Chosaint Sonraí, lena n-áirítear rochtain, léirscriosadh agus bac a chur ar shonraí pearsanta.

Ba cheart go gcomhlíonfadh aon phróiseáil EIRCODE® chomh maith le húsáid Bhunachar Sonraí EIRCODE® na dlíthe agus na forálacha ábhartha go léir.

## 4.2. Úsáid Dho-ghlactha Bhunachar Sonraí EIRCODE®

Go ginearálta, tá cosc ar na húsáidí seo a leanas de EIRCODES® agus Bunachar Sonraí EIRCODE®: -

- aon úsáid mhídhleathach nó mhímhorálta
- aon úsáid lena sárófaí forálacha Achtanna na hÉireann um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003 agus an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí 2018
- aon úsáid a bheadh contrártha le téarmaí na gComhaontuithe Ceadúnaithe
- aon seirbhís nach meastar gur gníomhaíocht dhlisteanach cód poist í faoin Acht Cumarsáide (Seirbhísí Poist) (Leasú), 2015
- aon úsáid nó seirbhís a thabharfadh míchlú ar bhranda EIRCODE® chomh maith leis an gConraitheoir Eircode.
- aon úsáid a bheadh contrártha leis an mBeartas seo nó le Cód Cleachtais Chonraitheora Eircode (lena n-áirítear gan teorainn níos mó ná 15 chuardach a dhéanamh i saoráid Aimsitheoir Eircode in aghaidh an lae)
- sáruithe ar aon dlí nó rialachán áitiúil, náisiúnta nó idirnáisiúnta is infheidhme

## 4.3. Úsáid Dho-ghlactha an tSuímh Gréasáin

Ní féidir leat an Suíomh Gréasáin a úsáid ach chun críoch dleathach. Ní fhéadfaidh an Suíomh Gréasáin a úsáid agus aontú gan: -

- Aon inneachar a uaslódáil, a phostáil, a chur i ríomhphost, a tharchur nó a chur ar fáil ar shlí eile nó cumarsáid a sháraíonn na cearta maoine intleachtúla nó aon cheart eile daoine eile a thionscnamh.
- Faisnéis a bhaint nó a bhailiú nó a úsáid ar shlí eile faoi dhaoine eile gan a dtoiliú sainráite a fháil.
- Aon fhógraíocht gan iarraidh nó neamhúdaraithe, ábhar bolscaireachta, 'dramhphost', 'turscar', 'litir shlabhrach', 'scéim pirimide', nó aon chineál earcaíochta eile a uaslódáil, a phostáil, a chur i ríomhphost, a tharchur nó a chur ar fáil ar shlí eile.
- Aon ábhar ina bhfuil víris bogearraí, nó aon chód ríomhaireachta eile, comhad nó ríomhchlár atá deartha chun cur isteach, scriosadh, nó teorainn a chur ar fheidhmiúlacht aon bhogearra nó crua-earra ríomhaireachta nó trealamh teileachumarsáide a uaslódáil, a phostáil, a chur i ríomhphost, a tharchur nó a chur ar fáil ar shlí eile.
- Briseadh nó cur isteach ar an suíomh nó freastalaithe nó líonraí atá nasctha leis an Suíomh Gréasáin, nó neamhaird a dhéanamh ar aon cheanglas, nós imeachta, beartas, nó rialachán ag líonraí atá nasctha leis an Suíomh Gréasáin.
- Tar éis rabhadh a fháil, leanúint ort ag cur isteach ar ghnáthshreabhadh an idirphlé, nó tuairimí a phostáil nach mbaineann leis an ábhar atá faoi chaibidil.
- Duine eile a phearsanú.

- Páirt a ghlacadh in aon iompar eile lena gcuirtear srian nó bac ar aon duine eile ó úsáid nó taitneamh a bhaint as ár suíomh, nó inár mbreithiúnas, trína nochtar sinn d'aon dliteanas nó dochar d'aon chineál.
- Gníomhú ar dhóigh ar bith ina sáraítear aon dlí nó rialachán áitiúil, náisiúnta, nó idirnáisiúnta.
- Gníomhú ar dhóigh ar bith atá neamhdhleathach nó calaoiseach nó a bhfuil aon chríoch nó éifeacht neamhdhleathach nó chalaoiseach aige.

## 4.4. Sárú ar an mBeartas seo

Cinnfidh Conraitheoir Eircode, dá rogha féin, cé acu ar tharla nó nár tharla sárú ar an mBeartas seo um Úsáid Inghlactha trí d'úsáid a bhaint as an Suíomh Gréasáin agus/nó Bunachar Sonraí EIRCODE®. Nuair a mheastar gur tharla sárú ar an mBeartas seo, féadfaidh Conraitheoir Eircode cibé beart a dhéanamh a mheasann sé a bheith cuí.

Má mhainníonn ort an Beartas seo um Úsáid Inghlactha a chomhlíonadh, d'fhéadfaí go ndéanfadh Conraitheoir SE gach ceann nó aon cheann de na bearta seo a leanas:

- Tarraingt siar láithreach, shealadach nó bhuan do chirt chun an Suíomh Gréasáin agus/nó Bunachar Sonraí EIRCODE® a úsáid.
- Baint láithreach, shealadach, nó bhuan aon phostála nó ábhair a d'uaslódáil tú ar an Suíomh Gréasáin.
- Rabhadh a eisiúint duit.
- Imeachtaí dlíthiúla i do choinne chun na costais uile a aisíoc ar bhonn slánaíochta (lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta do, costais réasúnta riaracháin agus dhlíthiúla) a eascraíonn as an sárú.
- Caingean dlí bhreise i do choinne.
- Is gá faisnéis den sórt sin a nochtadh d'údaráis forfheidhmithe dlí, de réir mar a mheasann Conraitheoir Eircode gá a bheith leis.

Ní chuimsíonn Conraitheoir Eircode dliteanas i leith gníomhartha a rinneadh mar fhreagairt ar sháruithe ar an mBeartas seo um Úsáid Inghlactha. Níl teorainn leis na freagraí a ndéantar cur síos orthu sa Bheartas seo, agus féadfaidh Conraitheoir Eircode aon bheart eile a dhéanamh a mheasann sé a bheith cuí (lena n-áirítear aon leigheas nó beart atá ar fáil dó faoi na Comhaontuithe Ceadúnaithe).

## 4.5. Rialachas

Déanfaidh Conraitheoir Eircode iniúchtaí tráthrialta lena chinntiú go gcomhlíonfaidh na SEnna agus na hÚsáideoirí Deiridh na hoibleagáidí sin.

## 4.6. Athruithe ar an mBeartas um Úsáid Inghlactha

Féadfaidh Conraitheoir Eircode an Beartas seo um Úsáid Inghlactha a athbhreithniú tráth ar bith tríd an leathanach seo a leasú. Tá coinne leis go seiceálfaidh tú an leathanach seo ó am go chéile chun fógra a thabhairt faoi aon athrú a dhéanann Conraitheoir Eircode, ós rud é go bhfuil siad ina cheangal dlí ort. D'fhéadfadh forálacha nó fógraí a fhoilsítear in áit eile ar an Suíomh Gréasáin teacht in ionad roinnt de na forálacha atá sa Bheartas seo um Úsáid Inghlactha.

## 5. Reachtaíocht, Beartais agus Próisis Ghaolmhara

- Beartas Príobháideachais
- Ráiteas maidir le Príobháideachas
- Comhaontuithe Ceadúnaithe
- Cód Cleachtais
- Téarmaí Úsáide
- An tAcht Cumarsáide (Seirbhísí Poist) (Leasú), 2015
- Na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003
- An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí, 2018